

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

maidir leis an leasú ar an gCód Dea-Chleachtais i ndáil le seoladh nósanna imeachta maidir le rialú Státchabhrach DRÉACHT

1. RÉAMHRÁ

1. Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil ('an Coinbhinsiún'). Cuireann an Coimisiún an Coinbhinsiún chun feidhme maidir le hinstiúidí an Aontais trí Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ ('Rialachán Uimh. 1367/2006').
2. Tá cinntí maidir le Státchabhair arna nglacadh ag an gCoimisiún díolmhaithe ó raon feidhme Rialachán Uimh. 1367/2006. I gcás ACCC/C/2015/128, chinn an Coiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus go raibh an Coinbhinsiún á shárú ag an Aontas toisc nár thug sé rochtain phoiblí do dhaoine den phobal ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha chun agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí maidir le bearta Státchabhrach arna ndéanamh ag an gCoimisiún de réir Airteagal 108(2) CFAE, ar cinntí iad a sháraíonn dlí an Aontais a bhaineann leis an gcomhshaoil².
3. Mar a leagtar síos i Rialachán [xx] ón gCoimisiún³, chun obair leantach a dhéanamh ar na torthaí sin, bunóidh an tAontas sásra athbhreithniúcháin inmheánaigh. Beidh feidhm ag an sásra sin i ndáil le cinntí críochnaitheacha ón gCoimisiún maidir le Státchabhair lena ndúntar an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil faoi Airteagal 108(2) CFAE, i gcomhréir le hAirteagail 9(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle⁴, arb é an bunús dlí atá leis na cinntí Státchabhrach sin Airteagal 107(3), pointí (a), (c), (d) agus (e), mar aon leis an gcéad chuid de phointe (b) (cabhair chun feidhmiú tionscadail thábhachtaigh ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn), CFAE. Mar a leagtar amach i Rialachán [xx] ón gCoimisiún, iarrfar ar an mBallstát a thugann fógra deimhniú a sholáthar nach sáraíonn an ghníomhaíocht atá faoi réir Státchabhrach, ná aon ghné den bheart Státchabhrach a dtugtar fógra ina leith agus atá nasctha go doscaoilte le cuspóir na cabhrach, dlí comhshaoil an Aontais⁵.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil a chur i bhfeidhm ar instiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail, IO L 264, 25.9.2006, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1367/oj>.

² Féach: https://unece.org/env/pp/cc/accc.c.2015.128_european-union.

³ Rialachán [xx] ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm.

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm, IO L 248, 24.9.2015, lch. 9, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1589/oj>.

⁵ *Ex multis* Breithiúnas an 22 Márta 1977, *Iannelli & Volpi SpA v Ditta Paolo Meroni*, Cás, 74/76, EU:C:1977:51, mír 14: 'Féadfaidh na gnéithe sin den chabhair a sháraíonn forálacha sonracha an Chonartha (...) a bheith nasctha chomh doscaoilte sin le cuspóir na cabhrach nach féidir meastóireacht a

4. Leis an Teachtaireacht seo leasaítear an Cód Dea-Chleachtais i ndáil le seoladh nósanna imeachta maidir le rialú Státchabhrach ('an Cód Dea-Chleachtais'). Leagtar síos léi an nós imeachta um athbhreithniú inmheánach, agus leagtar amach léi cé na heintitis atá i dteideal iarraidh ar athbhreithniú inmheánach (an 'iarraidh') a thaisceadh leis an gCoimisiún, coinníollacha na hiarrata sin, raon feidhme na hiarrata agus na sprioc-amanna is infheidhme.
5. Thairis sin, leathnaigh taithí an Choimisiúin ar an gcéim réamhfhógartha a leagtar amach i Roinn 3 den Chód Dea-Chleachtais, agus léiríonn sí go maireann teagmhálacha réamhfhógartha leis na Ballstáit níos faide go hiondúil, i gcásanna casta go háirithe. Dá bhrí sin ba cheart fad 6 mhí na céime réamhfhógartha a choigeartú do 12 mhí dá réir sin.
6. Ar deireadh, aithníonn an Coimisiún nár úsáid sé an nós imeachta cuíchóirithe i gcásanna simplí a leagtar síos i Roinn 6 den Chód Dea-Chleachtais riamh. Ba cheart an nós imeachta sin a bhaint dá bhrí sin.

2. LEASUITHE AR AN GCÓD DEA-CHLEACHTAIS:

7. Cuirtear **Roinn 11** nua isteach tar éis Roinn 11 atá ann faoi láthair ('Faireachán'), leis an bhfoclaíocht thíos:

'11. Sásra athbhreithniúcháin inmheánaigh i ndiaidh thorthaí an Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus in ACCC/C/2015/128'

78. I ndiaidh thorthaí an Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus in ACCC/C/2015/128, déanfaidh an Coimisiún iarrataí a láimhseáil le haghaidh athbhreithniú inmheánach arna dtaisceadh ag eintitis incháilithe trí úsáid a bhaint as an sásra a dtugtar tuairisc air thíos.

11.1 Eintitis incháilithe le hathbhreithniú inmheánach a iarraidh

79. Aon eagraíocht neamhrialtasach a chomhlíonann na critéir a leagtar amach thíos, beidh sí incháilithe athbhreithniú inmheánach leis an gCoimisiún a iarraidh i ndáil leis na cinntí maidir le Státchabhair a liostaítear i Roinn 11.4, ar fhorais go bhfuil an ghníomhaíocht atá faoi réir Státchabhrach agus/nó aon ghné den bheart Státchabhrach a formheasadh leis an gcinneadh sin atá nasctha go doscaoilte le cuspóir na cabhrach⁶ ag sárú riail shonrach nó rialacha dhlí comhshaoil an Aontais, rud a shainmhínítear in Airteagal 2, 1, (f) de Rialachán Uimh. 1367/2006.

80. Ba cheart d'eagraíocht neamhrialtasach a bheith incháilithe chun athbhreithniú inmheánach a iarraidh i gcomhréir le mír 79, ar choinníoll:

- (a) gur duine neamhspleách, dlítheanach neamhbhrabúsach í i gcomhréir le dlí náisiúnta nó cleachtas náisiúnta Ballstáit;
- (b) gurb é príomhchuspóir sonraithe na heagraíochta neamhrialtasaí cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn i gcomhthéacs dhlí an chomhshaoil;

dhéanamh orthu astu féin, agus mar sin, ní mór, de dhroim riachtanais, a n-éifeacht maidir le comhoiriúnacht nó neamh-chomhoiriúnacht na cabhrach, agus í á meas ina hiomláine, a chinneadh i bhfianaise an nós imeachta a fhorordaítear in Airteagal 93'.

⁶ Féach thuas, *Ex multis* Breithiúnas an 22 Márta 1977, *Iannelli & Volpi SpA v Ditta Paolo Meroni*, Cás, 74/76, EU:C:1977:51, mír 14.

- (c) go bhfuil sí ann le breis agus 2 bhliain agus go bhfuil an cuspóir dá dtagraítear faoi (b) á shaothrú go gníomhach aici;
- (d) go bhfuil an t-ábhar a ndéantar an iarraidh ina leith ar athbhreithniú inmheánach cumhdaithe ag a cuspóirí agus gníomhaíochtaí.

11.2 Fianaise atá le soláthar chun a chinneadh an bhfuil eagraíochtaí neamhrialtasacha incháilithe athbhreithniú inmheánach a iarraidh

81. Aon eagraíocht neamhrialtasach a chuireann isteach iarraidh ar athbhreithniú inmheánach ar chinneadh maidir le Státchabhair i gcomhréir le mír 79, ba cheart di fianaise a chur ar fáil go gcomhlíonann sí na critéir a leagtar amach i mír 80 i bhfoirm na ndoiciméad a liostaítear thíos:

- (a) reachtanna nó fodhlíthe na heagraíochta neamhrialtasaí, nó, i gcás na mBallstát sin nach gceanglaítear ar eagraíocht neamhrialtasach reachtanna nó fodhlíthe a ghlacadh iontu nó nach ndéantar foráil sa dlí náisiúnta maidir lena leithéid, aon doiciméad eile a chomhlíonann an ról céanna faoin gcleachtas náisiúnta;
- (b) tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta neamhrialtasaí le 2 bhliain anuas;
- (c) cóip den chlárú dlíthiúil leis na húdaráis náisiúnta i gcás na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha atá bunaithe i dtíortha ina bhfuil clárú leis na húdaráis náisiúnta ina réamhriachtanas d'eagraíocht neamhrialtasach chun pearsantacht dhlítheanach a fháil;
- (d) i gcás inarb ábhartha, agus gan dochar don cheanglas na doiciméid a luaitear i bpointí (a) go (c) thuas a sholáthar, faisnéis agus doiciméadacht lena léirítear gur thug an Coimisiún aitheantas roimhe sin go bhfuil an eagraíocht neamhrialtasach incháilithe athbhreithniú inmheánach a iarraidh de réir mhír 79, agus dearbhú ón eagraíocht neamhrialtasach go bhfuil na coinníollacha incháilitheachta á gcomhlíonadh i gcónaí.
- (e) i gcás nach féidir aon cheann de na doiciméid sin a sholáthar ar chúiseanna nach bhfuil inchurtha i leith na heagraíochta neamhrialtasaí, féadfaidh an eagraíocht sin fianaise a sholáthar i bhfoirm aon doiciméid choibhéisigh eile.
- (f) i gcás nach léir ó na doiciméid gurb é príomhchuspóir sonraithe na heagraíochta neamhrialtasaí cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn i gcomhthéacs dhlí an chomhshaoil, go raibh sí ann le breis agus 2 bhliain agus go bhfuil an cuspóir sin á shaothrú go gníomhach aici, nó go bhfuil an t-ábhar ar ina leith a dhéantar an iarraidh ar athbhreithniú inmheánach cumhdaithe ag cuspóirí agus gníomhaíochtaí na heagraíochtaí neamhrialtasaí, cuirfidh an eagraíocht sin isteach aon doiciméad eile ina dtabharfar fianaise go bhfuil an critéar sin á chomhlíonadh.

11.3 Ionadaíocht ó eagraíocht neamhrialtasach nó ó dhlíodóir

82. I gcás ina ndéanann eagraíocht neamhrialtasach ionadaíocht ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, beidh feidhm ag mír 81.

83. Má dhéanann dlíodóir ionadaíocht ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, ní mór doiciméid agus sonraí lena gcruthaítear go bhfuil an dlíodóir údaraithe cleachtadh os comhair cúirte Ballstáit a bheith san áireamh san iarraidh. Féadfar a áireamh sna doiciméid sin deimhniú arna eisiúint ag comhlachas barra i mBallstát nó aon

doiciméad eile a chomhlíonann an chríoch chéanna faoi rialacha náisiúnta. Ba cheart don dlíodóir cumhacht aturnae a sholáthar mar fhianaise freisin go bhfuil sé i dteideal ionadaíocht a dhéanamh ar a chliaint.

11.4 Cinntí maidir le Státchabhair a bhféadfaí iarraidh ar athbhreithniú inmheánach a chur isteach ina leith

84. D'fhéadfadh eagraíochtaí neamhrialtasacha incháilithe iarraidh a dhéanamh ar athbhreithniú inmheánach ar chinntí Státchabhrach críochnaitheacha an Choimisiúin lena ndúntar an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil arna thionscnamh faoi Airteagal 108(2) CFAE i gcomhréir le hAirteagail 9(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle, agus is é seo a leanas an bunús dlí leis an gcinneadh sin:

- (i) Airteagal 107(3), pointe (a), CFAE;
- (ii) Airteagal 107(3), pointe (b), an chéad chuid de, CFAE;
- (iii) Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE;
- (iv) Airteagal 107(3), pointe (d), CFAE;
- (v) Airteagal 107(3), pointe (e), CFAE.

11.5 Ábhar iarrata ar athbhreithniú inmheánach

85. Ba cheart iarraidh ar athbhreithniú inmheánach ar chinneadh ón gCoimisiún i gcomhréir le mír 79 a dhéanamh i scríbhinn, agus úsáid á baint as an bhfoirm in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán [xx] agus ba cheart an méid a leanas a dhéanamh:

- (a) an cinneadh críochnaitheach ón gCoimisiún maidir le Státchabhair a shonrú, ar cinneadh é a bhfuil athbhreithniú á iarraidh ina leith;
- (b) forálacha sonracha de dhlí comhshaoil an Aontais a léiriú, ar forálacha iad a líomhnaítear gur sháraigh an ghníomhaíocht dá dtugtar cabhair iad nó aon ghné den bheart Státchabhrach a dtugtar fógra ina leith atá nasctha go doscaoilte le cuspóir na cabhrach;
- (c) na forais ar a bhfuil an iarraidh á déanamh a lua;
- (d) faisnéis agus doiciméadacht ábhartha agus struchtúrtha a sholáthar, mar aon le fíoras nó argóintí dlíthiúla a thacaíonn le gach ceann de na forais sin;
- (e) ainm agus sonraí teagmhála an duine a bhfuil sé de chumhacht aige ionadaíocht a dhéanamh ar pháirtí iarrthach i leith tríú páirtithe a shonrú le haghaidh an athbhreithnithe inmheánaigh;
- (f) fianaise a sholáthar go bhfuil an páirtí iarrthach incháilithe an iarraidh a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir agus leis na coinníollacha a leagtar amach in míreanna 79 go 81.

86. Níor cheart an iarraidh ar athbhreithniú inmheánach a bheith níos faide ná 10 leathanach (gan doiciméid a áireamh a thugann fianaise gur comhlíonadh na critéir incháilitheachta a leagtar amach i mír 80 agus iarscríbhinní eile chun tacú leis an iarraidh).

87. Ba cheart iarscríbhinní a uimhriú, ceannteidil a bheith marcáilte go soiléir orthu agus tagairt a dhéanamh dóibh san iarraidh ar athbhreithniú inmheánach, mar fhianaise ar na hargóintí sonracha fíorasacha agus/nó dlíthiúla a d'ardaigh an eagraíocht neamhrialtasach.

88. Chun críoch phointe (e) de mhír 85, i gcás ina ndéanann roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha iarraidh chomhpháirteach, ba cheart pointe teagmhála amháin a ainmniú.

89. Chun dlús a chur leis an nós imeachta um athbhreithniú inmheánach, molann an Coimisiún go láidir go n-úsáidfí an tarscaoileadh teanga a leanas, ar cheart don eagraíocht neamhrialtasach a dhátú agus a shíniú agus a chur isteach leis an iarraidh:

‘Aontaíonn an duine thíos-sínithe, thar ceann na heagraíochta neamhrialtasaí iarrthaí a bhfuil an iarraidh ar athbhreithniú inmheánach ar [sonraigh uimhir agus teideal an chinnidh maidir le státchabhair] á taisceadh aici, go heisceachtúil a chearta faoi Airteagal 342 CFAE i gcomhar le hAirteagal 3 de Rialachán (CEE) Uimh. 1/1958 ón gComhairle a tharscaoileadh agus an freagra ón gCoimisiún arna ghlacadh agus arna chur in iúl faoi Airteagal 297 den Chonradh a dhréachtú i mBéarla.’

11.6 Measúnú ag an gCoimisiún

90. Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar iarraidh más eintitis incháilithe a dhéanann í a thaisceadh, má chuirtear isteach í leis an bhfoirm a luaitear i mír 85, ach amháin má tá sí go follasach gan bhunús nó má tá sé soiléir nach bhfuil bunús ar bith léi.

91. I gcás ina gcuirtear roinnt iarrataí isteach ar athbhreithniú inmheánach i ndáil le cinneadh Státchabhrach amháin, d'fhéadfaí an Coimisiún a chinneadh na hiarrataí ar athbhreithniú a chur le chéile agus déileáil leo mar a bheadh iarraidh amháin ann.

92. An ghníomhaíocht dá dtugtar cabhair nó aon ghné den bheart Státchabhrach a dtugtar fógra ina leith atá nasctha go doscaoilte le cuspóir na cabhrach, ba cheart don Choimisiún a fhíorú go léiríonn an fianaise a chuir an eagraíocht neamhrialtasach isteach gur sháraigh ceann acu foráil shonrach amháin nó roinnt forálacha sonracha de dhlí comhshaoil an Aontais.

93. Más rud é, ar bhonn na faisnéise arna soláthar i gcomhréir le míreanna 79 go 81, nach féidir leis an gCoimisiún a mheas go hiomlán an bhfuil na critéir nó na coinníollacha á gcomhlíonadh, ba cheart dó doiciméadacht bhreise nó faisnéis bhreise a iarraidh ar an bpáirtí iarrthach, mar aon le leagan neamhrúnda den doiciméadacht agus den fhianaise sin, más gá. Ba cheart don pháirtí iarrthach freagra a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnta a shonróidh an Coimisiún, ar tréimhse í nach faide ná 30 lá. Le linn na tréimhse sin, cuirfear na teorainneacha ama a leagtar síos i míreanna 107 agus 108 ar fionraí.

94. Cuirfidh an Coimisiún an iarraidh ar athbhreithniú inmheánach chuig an mBallstát ar formheas an cinneadh Státchabhrach faoi athbhreithniú a bheart ionas gur féidir leis freagairt le barúlacha, mar aon le leagan neamhrúnda de na barúlacha sin, más gá. Le linn na tréimhse comhairliúcháin sin, ar tréimhse í nár cheart a bheith níos faide ná 30 lá, cuirfear na teorainneacha ama a leagtar síos i míreanna 107 agus 108 ar fionraí.

95. I gcás inarb ábhartha, féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle le húdaráis náisiúnta ábhartha eile in aon Bhallstát chun an fhaisnéis a chuireann an eagraíocht

neamhrialtasach nó an dlíodóir lena mbaineann ar fáil maidir leis na critéir incháilitheachta a leagtar amach i mír 80 nó forais na hiarrata a fhíorú agus a mheasúnú. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta a ndeachthas i gcomhairle leo leagan neamhrúnda dá mbarúlacha a sholáthar más gá. Le linn na tréimhse comhairliúcháin sin, ar tréimhse í nár cheart a bheith níos faide ná 30 lá, cuirfear na teorainneacha ama a leagtar síos i míreanna 107 agus 108 ar fionraí.

11.7 Teoireannacha ama

96. Ní mór don eagraíocht neamhrialtasach an iarraidh ar athbhreithniú inmheánach a dhéanamh laistigh de tréimhse nach faide ná 8 seachtaine tar éis fhoilsiú an chinnidh ón gCoimisiún maidir le Státchabhair.

97. Ba cheart don Choimisiún a chúiseanna a lua i bhfreagra a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 16 seachtaine i ndiaidh dul in éag an sprioc-ama 8 seachtaine a leagtar amach i mír 96.

98. I gcás nach bhfuil an Coimisiún in ann an sprioc-am a leagtar amach i mír 97 a chomhlíonadh, in ainneoin dícheall cuí a fheidhmiú, ba cheart dó an eagraíocht neamhrialtasach a rinne an iarraidh a chur ar an eolas maidir le cén uair atá beartaithe aige déanamh amhlaidh a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí laistigh den tréimhse a sonraíodh sa mhír roimhe. I gcás ar bith, ba cheart don Choimisiún gníomhú laistigh de 22 sheachtain i ndiaidh dhul in éag an sprioc-ama 8 seachtaine a leagtar amach i mír 96.

11.8 Imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

99. An eagraíocht neamhrialtasach a rinne an iarraidh ar athbhreithniú inmheánach i gcomhréir le mír 79, is féidir léi imeachtaí a thionscnamh os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcomhréir le CFAE.

11.9 Iarrataí ar athbhreithniú inmheánach a chur isteach go leictreonach

100. Ba cheart iarrataí ar athbhreithniú inmheánach ar chinneadh maidir le Státchabhair i gcomhréir le mír 79 a chur isteach tríd an gcóras tiomnaithe ar líne ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

11.10 Foilsiú agus córais ar líne lena bhfaightear iarrataí

101. Ba cheart don Choimisiún na hiarrataí uile a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin tiomnaithe a luaithe is féidir i ndiaidh iad a fháil, mar aon le freagraí an Choimisiúin a luaithe is féidir i ndiaidh a nglactha.'

8. Leasaítear **Roinn 3** ('Réamhfhógra'), mír 16 den Chód Dea-Chleachtais mar a leanas:

'Braitheann uainiúchán agus formáid na dteagmhálacha réamhfhógra ar chastacht an cháis den chuid is mó. Cé go bhféadfadh na teagmhálacha sin maireachtáil ar feadh roinnt míonna, níor cheart dóibh, mar riail ghinearálta, maireachtáil níos faide ná 12 mhí.'

9. Scriostar **Roinn 6** ('Nós imeachta cuíchóirithe i gcásanna simplí') den Chód Dea-Chleachtais.

10. **Infheidhmeacht**

9.1 Cuirfidh an Coimisiún na leasuithe a bhaineann le Roinn 3 ('Réamhfhógra') agus Roinn 6 ('Nós imeachta i gcásanna simplí') i bhfeidhm tar éis a bhfoilsíú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

9.2 Cuirfidh an Coimisiún Roinn 11 nua ('Sásra athbhreithniúcháin inmheánaigh i ndiaidh thorthaí an Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus in ACCC/C/2015/128') i bhfeidhm ar chinntí críochnaitheacha ón gCoimisiún faoi Roinn 11.4 nua. Tá na cinntí sin bunaithe ar fhógraí inar dheimhnigh na Ballstáit nach bhfuil an ghníomhaíocht dá dtugtar cabhair nó aon ghné den bheart Státchabhrach a dtugtar fógra ina leith atá nasctha go doscaoilte le cuspóir na cabhrach ag sárú dhlí comhshaoil an Aontais, de réir Rialachán [xx].

9.3 I gcás cabhair nach dtugtar fógra ina leith, cuirfidh an Coimisiún Roinn 11 nua i bhfeidhm ar chinntí críochnaitheacha ón gCoimisiún lena ndúnfar an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a luaitear faoi Roinn 11.4 nua i gcásanna inar glacadh an cinneadh imeachtaí a thionscnamh faoi Airteagal 108(2) CFAE i ndiaidh fhoilsíú Rialachán [xx] in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

11. **Athuimhriú**

I ndiaidh na leasuithe thuas, déanfar Ranna 7 ('An nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil'), 8 ('Imscrúduithe maidir le hearnálacha an gheilleagair agus maidir le hionstraimí cabhrach'), 9 ('Gearáin fhoirmiúla'), 10 ('Pleananna meastóireachta') agus 11 ('Faireachán') a athuimhriú mar Ranna 6, 7, 8, 9 agus 10 faoi seach.